Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9121/18**

**COHOM 64**
**CFSP/PESC 462**
**FIN 395**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Bealtaine 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8889/18 COHOM 59 CFSP/PESC 430 FIN 381 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: "Misin Bhreathnóireachta Toghchán - Iarrachtaí déanta na moltaí a chur i gcrích ach faireachán níos fearr de dhíth" |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: "Misin Bhreathnóireachta Toghchán - Iarrachtaí déanta na moltaí a chur i gcrích ach faireachán níos fearr de dhíth", arna nglacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 28 Bealtaine 2018.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:**
**"Misin Bhreathnóireachta Toghchán - Iarrachtaí déanta na moltaí a chur i gcrích ach faireachán níos fearr de dhíth"**

***(An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 28 Bealtaine 2018)***

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an meon dearfach inar ullmhaíodh Tuarascáil Speisialta Uimh. 22/2017 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Misin Bhreathnóireachta Toghchán - Iarrachtaí déanta na moltaí a chur i gcrích ach faireachán níos fearr de dhíth", agus an sár-dea-chomhair idir Cúirt na nIniúchóirí, SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin.

2. Tugann an Chomhairle dá haire conclúidí dearfacha na Tuarascála Speisialta maidir leis na hiarrachtaí a rinne seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS tacú le cur chun feidhme mholtaí Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais Eorpaigh. De réir na tuarascála, tá feabhas tagtha ar chur i láthair mholtaí Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais le blianta beaga anuas, agus baineadh úsáid as idirphlé polaitiúil agus as cúnamh toghchánach chun tacú le cur chun feidhme na moltaí sin.

3. Tacaíonn an Chomhairle i gcoitinne leis na moltaí a thug an Chúirt do SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin d'fhonn feabhas a chur ar an obair leantach maidir le Misin Bhreathnóireachta Toghchán, lena n-áirítear an méid seo a leanas: a) Ba cheart go mbeadh cur chuige níos comhsheasmhaí ag baint le hullmhú agus le cur i láthair na tuarascálacha agus moltaí deiridh; b) Ba cheart dul i gcomhairle le geallsealbhóirí áitiúla maidir leis na moltaí sula gcuirfear an tuarascáil i gcrích; c) Ba cheart cainteanna a sceidealú leis na geallsealbhóirí tráth nach túisce ná ceithre lá oibre, ar a laghad, tar éis fhoilsiú na tuarascála deireanaí, ionas an t-am cuí a thabhairt chun staidéar a dhéanamh ar an tuarascáil agus ar na moltaí inti; d) Ba cheart, nuair is féidir sin, feidhm a bhaint as Misean Leantach Iarthoghcháin, ag am a oireann idir dhá thoghchán; e) Ba cheart bunachar sonraí láraithe maidir le moltaí a bhunú; f) Ba cheart súil a choinneáil ar chur chun feidhme mholtaí Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais, ar bhonn rialta.

4. Tá an tAontas Eorpach meáite ar bhealach córasach éifeachtach a chur ar fáil don obair leantach maidir le moltaí Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais, chomh maith le moltaí ó Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán de chuid ESCE/ODIHR agus tá raon leathan gníomhaíochtaí déanta aige chun na moltaí sin a chur chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ghlac SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin le moltaí na Cúirte agus go bhfuil cur chun feidhme na moltaí sin faoi lán seoil. Tá comhdhlúthú maidir leis na cleachtais is fearr de dhíth cheana féin ar Phlean Gníomhaíochta an Aontais i ndáil le Cearta an Duine agus an Daonlathas (2015–2019), d'fhonn moltaí ó Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais agus ó Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán de chuid ESCE/ODIHR a ghiaráil san idirphlé polaitiúil agus i ngníomhaíochtaí chun tacú leis an daonlathas, ar idirphlé agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais agus de chuid Bhallstáit an Aontais iad. D'fhéadfadh toscaireachtaí PE rannpháirtíocht bhreise a spreagadh i ndáil le moltaí Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais. I ndáil leis an méid sin, tá bunachar sonraí láraithe maidir le moltaí á fhorbairt; tá athbhreithniú déanta ar fhormáid na gcuairteanna um fhilleadh na bpríomhbhreathnóirí ionas gur féidir plé níos doimhne a dhéanamh le páirtithe leasmhara maidir le moltaí agus chun tacú le toscaireachtaí an Aontais i ndáil le pleananna a ullmhú a bhaineann leis an obair leantach agus tá cur i láthair níos comhsheasmhaí maidir le tuarascálacha Mhisin Bhreathnóireachta Toghchán faoi lán seoil. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na Misean Leantach Iarthoghcháin atá beartaithe do 2018.

5. Measann an Chomhairle gur léiriú an-infheicthe do thiomantas an Aontais tacú leis an daonlathas agus urraim do chearta an duine a chur chun cinn agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta a chur chun cinn ar fud an domhain atá i Misin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais. Maidir leis an ról atá ag misin Bhreathnóireachta Toghchán; urramú go dlúth agus measúnú a dhéanamh ar an bpróiseas toghcháin — roimh ré, lena linn agus tar éis lá an toghcháin — agus foráil a dhéanamh d'údaráis na tíre (cibé acu, an rialtas, an pharlaimint, údaráis an toghcháin, na breithiúna agus comhlachtaí ábhartha eile), leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe polaitiúla le moltaí nithiúla chun an próiseas a fheabhsú sa todhchaí. Díríonn na cuspóirí níos fadtéarmaí ar fheabhas a chur ar an gcreat toghcháin agus ar an gcomhthéacs ina n-eagraítear toghcháin, lena neartaítear neamhspleáchas agus cuntasacht na n-institiúidí stáit agus rannpháirtíocht na saoránach a fheabhsú agus tacú le hiolrachas polaitiúil. Dá bhrí sin, tá na moltaí a d'eisigh Misin Bhreathnóireachta Toghchán an Aontais lárnach do na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar na toghcháin a bheidh ann amach anseo agus is gné thábhachtach d'iarrachtaí an Aontais na moltaí sin chun tacú le doimhniú an daonlathais.

6. Spreagann an Chomhairle an tAontas gona Bhallstáit chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscadail nithiúla a thacaíonn leis na moltaí ó Mhisean Breathnóireachta Toghchán an Aontais agus ó Mhisean Breathnóireachta Toghchán ESCE. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur féidir le toscaireachtaí an Aontais an Ionstraim Eorpach i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine agus cistí déthaobhacha a úsáid chun na críche sin, ag brath ar chineál na moltaí.

7. Aithníonn an Chomhairle freagracht chomhpháirteach institiúidí an Aontais agus na mBallstát chun comhleanúnachas agus comhordú a bhaint amach san obair leantach atá ar siúl ag Misin Bhreathnóireachta Toghchán, lena n-áirítear trí anailís chomhpháirteach agus tuairisciú rialta chomh maith le bearta leantacha a chomhtháthú san idirphlé polaitiúil agus idirphlé chearta an duine le tíortha comhpháirtíochta. Tugann an Chomhairle dá haire an ról tábhachtach atá ag toscaireachtaí an Aontais — atá ag oibriú i ndlúthchomhar le Ballstáit an Aontais, le seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS, mar aon le Parlaimint na hEorpa — mar phríomh-idirghabhálaithe idir an tAontas agus gníomhaithe áitiúla i ndáil leis an idirphlé polaitiúil a chothú leis na húdaráis rialaithe, agus cúnamh toghchánach agus daonlathais a chur chun feidhme. San am céanna, is ar na geallsealbhóirí áitiúla atá an phríomhfhreagracht as cur chun feidhme rathúil mholtaí na Misean Breathnóireachta Toghchán; tá toil pholaitiúil na n-údarás stáit, mar aon le hacmhainneacht leordhóthanach institiúidí neamhspleácha agus an tsochaí shibhialta fíor-riachtanach.

8. Molann an Chomhairle don Aontas gona Bhallstáit leanúint de bheith ag comhoibriú go dlúth lena chéile maidir le tionchar níos mó a bhaint amach san obair leantach atá ar siúl ag Misin Bhreathnóireachta Toghchán, agus comhlántacht a áirithiú idir cúnamh toghchánach agus daonlathais an Aontais agus na moltaí ó mhisin bhreathnóireachta toghchán an Aontais.